



# **Beartas An Foras Pátrúnachta um Earcaíocht Fostaithe**



**AN FORAS  
PÁTRÚNACHTA**



## **Beartas An Foras Pátrúnachta um Earcaíocht Fostaithe**

### **Ráiteas Beartais**

Mar charthanas, is iad na daoine dár gcuid an acmhainn is tábhachtaí atá againn. Aithnímid, mar sin, go bhfuil sé ríthábhachtach go n-earcóimis daoine ag a bhfuil na scileanna, an t-eolas agus an taithí a theastaíonn chun cabhrú linn an cuspóir carthanúil agus na spriocanna gaolmhara atá againn a bhaint amach.

Tugaimid tacaíocht chuí agus déanaimid maoirseacht chuí agus breithmheas cuí chun fostaithe a chumasú barr a gcumais a bhaint amach san áit oibre. Is mór againn an rannchuidiú a dhéanann fostaithe le haidhmeanna agus cuspóirí An Foras Pátrúnachta a bhaint amach.

### **Earcaíocht & Roghnúchán**

Táimid tiomanta do chloí le gach oibleagáid reachtach ábhartha a bhfuil feidhm acu maidir leis an áit oibre.

Beidh critéir roghnúcháin bunaithe ar scileanna, cáilíochtaí, taithí agus acmhainneacht ábhartha na n-iarrthóirí. Soláthraímid comhionannas deiseanna agus cinntímid go mbeidh an próiseas roghnúcháin saor ó aon chineál idirdhealaithe neamhdhleathaigh faoi na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta, 1998 - 2015.

Ag brath ar an ról atá le líonadh, is féidir go mbeidh na céimeanna seo a leanas i gceist lenár bpróiseas earcaíochta agus roghnúcháin:

- Tuairisc Poist agus téarmaí agus coinníollacha fostaíochta a ullmhú/a athbhreithniú/a leasú;
- Critéir roghnúcháin a chomhaontú;
- Fógra maidir le hearcaíocht a ullmhú agus a chur amach;
- Iarratasóirí a ghearrliostú bunaithe ar chritéir roghnúcháin chomhaontaithe;
- Fógra a thabhairt d'iarrthóirí faoin agallamh agus fógra a thabhairt d'iarrthóirí nár éirigh leo;
- Iarrthóirí a chur faoi agallamh ag painéal agallaimh cuí;
- Iarrthóirí a mheasúnú bunaithe ar chritéir roghnúcháin chomhaontaithe;



## Beartas An Foras Pátrúnachta um Earcaíocht Fostaithe

- Liosta in ord fiúntais a dhéanamh de na hiarrthóirí. Beidh feidhm leis an liosta seo suas go ceithre mhí ó lá na n-agallamh.
- Tairiscint fostaíochta a dhéanamh don iarrthóir ar éirigh leis/léi nó do na hiarrthóirí ar éirigh leo (ar bhonn sealadach, faoi réir teistiméireachtaí a sheiceáil agus cáilíochtaí oideachais a fhíorú);
- Tairiscint a dhéanamh leis an dara duine (agus ar aghaidh) ar an liosta fiúntais mura nglacann an chéad duine leis an tairiscint.
- Na cáilíochtaí oideachais ábhartha/na ceadúnais ábhartha atá ag an iarrthóir ar éirigh leis/léi nó ag na hiarrthóirí ar éirigh leo a fhíorú;
- Teistiméireachtaí fostaíochta nó teistiméireachtaí eile a sheiceáil le teistiméirí ar ainmnigh an t-iarrthóir ar éirigh leis/léi nó na hiarrthóirí ar éirigh leo iad;
- Grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a chur i gcrích (má bhaineann);
- A shocrú go ndéanfadh an bord iontaobhaithe carthanais an ceapachán a dhaingniú;
- Fógra a thabhairt d'iarrthóirí nár éirigh leo ag an agallamh;
- Conradh fostaíochta a eisiúint lena shíniú ag an bhfostaí;
- I gcás go n-iarrfaidh siad é, aiseolas agallaimh a thabhairt d'aon iarrthóirí nár éirigh leo.

### Rúndacht & Cosaint Sonraí

Urramaíonn An Foras Pátrúnachta an ceart chun príobháideachta agus chun rúndachta atá ag ár gcuid fostaithe agus ag fostaithe ionchasacha. Le linn don charthanas a chuid gnó a riar, na cearta dlíthiúla atá aige a fheidhmiú agus na hoibleagáidí dlíthiúla atá air a chomhlíonadh i ndáil le hearcaíocht fostaithe, is féidir, ó am go chéile, go mbeidh ar An Foras Pátrúnachta sonraí pearsanta agus catagóirí speisialta sonraí pearsanta araon a phróiseáil (lena n-áirítear, mar shampla, faisnéis a bhaineann leis an tsláinte). Próiseálfaidh An Foras Pátrúnachta sonraí den sórt sin de réir na reachtaíochta cosanta sonraí is infheidhme, lena n-áirítear an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí agus an reachtaíocht cur chun feidhme. Is leagtha amach sa bheartas cosanta sonraí atá i bhfeidhm ag An Foras Pátrúnachta (ar beartas é a fhéadfar a leasú nó a nuashonrú ó am go chéile) atá tuilleadh mionsonraí faoin gcineál sonraí pearsanta a bhailítear i dtaca le fostaithe nó fostaithe ionchasacha agus faoi na críocha ar chucu a fhéadfar sonraí den sórt sin a úsáid.



## Beartas An Foras Pátrúnachta um Earcaíocht Fostaithe

### Seiceálacha Teistiméireachtaí

Ní dhéanfar seiceálacha teistiméireachtaí ná aon fhíorú ar cháilíochtaí oideachais a bhfuil teagmháil le tríú páirtithe i gceist leo ach amháin tar éis do An Foras Pátrúnachta teacht ar thuairim shoiléir gur mhaith leis iarrthóir ar leith a earcú. I ngach cás, iarrfaidh An Foras Pátrúnachta cead ón iarrthóir sula seiceálfaidh sé teistiméireachtaí nó cáilíochtaí. Is ar an aon bhealach amháin a dhéanfar seiceálacha teistiméireachtaí do gach iarrthóir. Tá sé mar bheartas ag An Foras Pátrúnachta dhá theistiméireacht, ar a laghad, a lorg agus b'fhearr go bhfaighfí iad sin ó fhoinsí ar leith, e.g. foinsí acadúla, foinsí fostaíochta, foinsí oibre deonaí, etc.

### Oiliúint & Forbairt

Téann fostaithe faoi ionduchtú ina dtugtar faisnéis a bhaineann leis an ról atá acu. Tabharfar na nithe seo a leanas do gach fostaí:

- Tuairisc poist;
- Faisnéis faoin bhfís, faoin misean agus faoin struchtúr eagrúcháin atá ag An Foras Pátrúnachta;
- Faisnéis faoin dóigh a luíonn ról an fhostaí leis an mórchuspóir atá ag An Foras Pátrúnachta;
- Faisnéis faoi mhaoirseoir/bainisteoir líne an fhostaí agus faoi na príomhtheagmhálaithe laistigh den eagraíocht;
- Mionsonraí faoi dhálaí oibre;
- Cóip den Chód Iompair d'Fhostaithe atá i bhfeidhm ag An Foras Pátrúnachta;
- Mionsonraí faoi na nósanna imeachta casaoide agus araíonachta atá i bhfeidhm ag An Foras Pátrúnachta;
- Gach beartas agus nós imeachta ábhartha eile atá i bhfeidhm ag An Foras Pátrúnachta;
- Deis chun aon cheisteanna atá acu faoin ról a chur.

Tugtar leibhéal cuí oiliúna do gach fostaí chun cabhrú leo oibriú ar bhealach éifeachtach sábháilte.



## **Beartas An Foras Pátrúnachta um Earcaíocht Fostaithe**

### **Tréimhse Phromhaidh**

Is gnách go socraítear tréimhse phromhaidh d'fhostaithe nua agus d'fhostaithe atá ann cheana a chuaigh i mbun róil nua laistigh de An Foras Pátrúnachta. Tá an tréimhse iomchuí leagtha amach i gconradh fostaíochta fostaí.

### **Tacaíocht, maoirseacht & breithmheas**

Beidh rochtain ag fostaithe ar thacaíocht, ar mhaoirseacht agus ar bhreithmheas le linn a dtréimhse promhaidh agus ar fud a dtréimhse fostaíochta ar fad. I gcás go dtiocfaidh aon deacrachtaí chun cinn, déileálfar leo ar bhealach cothrom, éifeachtúil agus oscailte agus ar aon dul leis na nósanna imeachta casaoide agus araíonachta atá i bhfeidhm ag An Foras Pátrúnachta.

### **Luach Saothair**

Tá an luach saothair a gheobhaidh fostaithe leagtha amach ina gconradh fostaíochta.

### **Speansais**

Is féidir go n-aisíocfar le fostaithe aon speansais atá tabhaithe acu, ar aon dul leis na beartais agus na nósanna imeachta atá i bhfeidhm ag An Foras Pátrúnachta. Ní dhéanfar amhlaidh, áfach, ach amháin i gcás go socrófar é sin roimh ré.

### **Athbhreithniú ar an mBeartas**

Déanfaidh an bord iontaobhaithe carthanais an beartas seo a athbhreithniú gach trí bliana nó de réir mar is cúí. Tá Ard-Rúnaí na heagraíochta freagrach as a chinntiú go gcuirfear an beartas seo chun feidhme go héifeachtach. Táthar ag súil leis go n-éascóidh gach ball foirne agus oibrí deonach eile, lena n-áirítear iontaobhaithe carthanais, an próiseas cur chun feidhme.